
# Pálás




Eochairfhocail: caillteanas airgid, athchóiriú, airgead poiblí, cennaireacht, dánlann

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cén saghas ruda é Pálás i gCathair na Gaillimhe?
2.An bhfuil sé oscailte nó dúnta faoi láthair?
3.Cén fáth gur dúnadh Pálás anuraidh?
4.Cén fáth gur shocraigh an comhlacht a bhí réidh leis an bpictiúrlann a thógáil amach ar léas gan é sin a dhéanamh ar deireadh?
5.Céard é an dara rud a luann Aodh Ó Coileáin atá ag teastáil chun an phictiúrlann a oscailt arís?
6.Cén foirgneamh eile ó thaobh na n-ealaíon de ba cheart a bheith i gCathair na Gaillimhe, dar le hAodh Ó Coileáin?
7.Cén dream mór ar leith a luann Aodh Ó Coileáin atá lonnaithe san Iarthar?
8.An bhfuil an Teachta Dála John Connolly ar son deireadh a chur leis an bpictiúrlann nó ar son é a athoscailt?
9.Cad ba mhaith le Comhairle Contae na Gaillimhe a reáchtáil san fhoirgneamh sin i mbliana?
10.An dtéann tú go dtí an phictiúrlann áitiúil go minic? An dtaitníonn an phictiúrlann leat? Cén fáth?



Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Ag obair le do pháirtí ranga féachaigí ar an mír nuachta arís agus aimsígí an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach**


| | |
|---|---|
| Tá pictiúrlann álainn darb ainm Pálás ar oscailt faoi láthair i gCathair na Gaillimhe. | **B** |
| Braitheann lucht na n-ealaíon i nGaillimh nach bhfuil aon fhís ag an Rialtas do na healaíona sa chathair sin. | |
| Tá 8.4 milliún Euro caite ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar an bhfoirgneamh sin go nuige seo. | |
| Tá an phictiúrlann seo suite ar imeall Chathair na Gaillimhe. | |
| Tá áthas an domhain ar lucht na scannán i nGaillimh go bhfuil an phictiúrlann sin dúnta. | |
| Is í Gaillimh an tríú cathair is mó sa Phoblacht | |
| Níl aon ealaíontóirí ina gcónaí i gcathair na Gaillimhe | |
| Tá sé i gceist ag Comhairle Contae na Gaillimhe an phictiúrlann a oscailt arís ar bhonn buan. | |
| Ba í Sinéad Ní Neachtain a chuir an mhír nuachta seo i dtoll a chéile. | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: léirmheas scannán

**Iarrann an múinteoir ort léirmheas a scríobh ar scannán a chonaic tú le déanaí. Is leor 100 focal don léirmheas. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an léirmheas a scríobh.**

- Tús spleodrach
- An príomhcharachtar
- Críoch dhrámatúil
- Mioncharachtair
- Lár an scannáin
- Fuaimrian cumhachtach
- Aisteoireacht
- Obair an cheamara
- Seatanna teanna
- Mholfainn





## Freagraí

1. Pictiúrlann
2. Dúnta
3. De bharr caillteanas airgid
4. Mar bhí na costais athchóirithe ró-ard
5. An dearcadh diúltach i leith an fhoirgnimh seo a athrú
6. Dánlann
7. Ealaíontóirí
8. É a athoscailt
9. Féile scannán

1. B
2. F
3. F
4. B
5. B
6. B
7. B
8. B
9. F

